

Cill Ríicill

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi bhaile beag gan uisce. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail seo?

national water system	group water scheme
chairperson	High Court
human rights	depending on wells and on tanks
unfortunately	increasing
	hoping / expecting

Ceist 2

Féachaigí ar an mír den chéad uair agus féachaigí an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3

Breac síos ábhar na míre in aon abairt amháin. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4

Féach ar na comhfhocail a bhí le cloisteáil sa mhír:

an ghrúpscéim
an Ard-Chúirt
an gnáthshaol
an tseanfhadhb

Cad is féidir leat a rá fúthu? Bíodh na focail seo a leanas i do fhreagra:

inscne an fhocail, séimhiú, fleiscín, ceannlitreacha

Ceist 5

‘...In oirthear...’

A. Líon na bearnaí thíos, ag leanúint an phatrúin sa sampla.

T / N. _____

D / S. _____

O / E. An tOirthear, in oirthear na tíre, san oirthear.

I / W. _____


B. Líon na bearnaí thíos, ag leanúint an phatrúin sa sampla.

T / N. _____

D / S. _____

O / E. Rachaidh mé soir amárach, ansin beidh mé thoir agus tiocfaidh mé anoir an lá ina dhiaidh sin.

I / W. _____



C. Scríobh cúpla líne faoi na háiteanna ar fad a mbeidh tú ag dul chucu go ceann bliana. Bain úsáid as na struchtúir atá faoi **B** thuas.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad atá ar eolas agat faoi *Uisce Éireann*?
2. An gcuireann sé iontas ort go bhfuil áiteanna in Éirinn fós nach bhfuil ceangailte leis an gcóras náisiúnta? Cén fáth?
3. An dtiocfaidh an lá, dar leat, nuair a bheidh ganntanas uisce in Éirinn? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

national water system:	<i>córas náisiúnta uisce</i>
group water scheme:	<i>grúpscéim uisce</i>
chairperson:	<i>cathaoirleach</i>
High Court:	<i>Ard-Chúirt</i>
human rights:	<i>cearta daonna</i>
depending on wells and on tanks:	<i>ag brath ar thoibreacha agus ar dhabhcha báistí</i>
unfortunately:	<i>faraor</i>
increasing:	<i>ag méadú</i>
hoping / expecting:	<i>ag súil</i>

Ceist 2

Tabhair deis do na foghlaimeoirí an stór focal a aimsiú sa tuairisc ar dtús.

Ceist 3

Abair leo abairt amháin faoi ábhar na míre a scríobh.

Ceist 4

Tá dhá fhocal sna comhfocail sa mhír.

Braitheann *inscne an fhocail* ar an dara focal.

Bíonn *séimhiú* ar an dara focal nuair is féidir.

Má bhíonn *ceannlitreacha* ar na focail sa chomhfocal bíonn *fleiscín* idir an dá fhocal.

- *an ghrúpscéim* (Tá an comhfocal seo baininscneach mar tá an focal **scéim** baininscneach. Ní féidir séimhiú a chur ar 'sc'.)
- *an gnáthshaol* (Tá an comhfocal seo firinscneach mar tá an focal **saol** firinscneach. Cuirtear séimhiú ar an bhfocal **saol**.)
- *an tseanfhadhb* (Tá an comhfocal seo baininscneach mar tá an focal **fadh** baininscneach. Cuirtear séimhiú ar an bhfocal **fadh**.)
- *an Ard-Chúirt* (Tá an comhfocal seo baininscneach mar tá an focal **Cúirt** baininscneach. Cuirtear séimhiú ar an bhfocal **Cúirt** agus cuirtear fleiscín roimh an gceannlitir.)

Ceist 5

A.

N. An Tuaisceart, i dtuaisceart na tíre, sa tuaisceart.

S. An Deisceart, i ndeisceart na tíre, sa deisceart.

E. An tOirthear, in oirthear na tíre, san oirthear.

W. An tIarthar, in iarthar na tíre, san iarthar

B.

N. Rachaidh mé ó thuaidh amárach, ansin beidh mé ó thuaidh agus tiocfaidh mé aduaidh an lá ina dhiaidh sin.

S. Rachaidh mé ó dheas amárach, ansin beidh mé ó dheas agus tiocfaidh mé aneas an lá ina dhiaidh sin.

E. Rachaidh mé soir amárach, ansin beidh mé thoir agus tiocfaidh mé anoir an lá ina dhiaidh sin.

W. Rachaidh mé siar amárach, ansin beidh mé thiar agus tiocfaidh mé aniar an lá ina dhiaidh sin.

C. Abair leo cur síos a dhéanamh ar na háiteanna a mbeidh siad ag dul chucu amach anseo. Bí cinnte go mbaineann na foghlaimeoirí úsáid as na struchtúir thuas.

Ceist 6

Is féidir leis na daltaí an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonghaile

Tá baile beag in oirthear Chontae na Gaillimhe ag troid le breis is tríocha bliain anuas le hiad a cheangal leis an gcóras náisiúnta uisce. Deir an ghrúpscéim uisce i gCill Ríicill go bhfuil siad faoi réir anois an cás a thabhairt chuig an Eoraip.

Maitiú Ó Coimín

Tá grúpscéim uisce Chill Ríicill i mbun cainteanna le dlíodóirí maidir le fadhbanna uisce ar an mbaile sin. Dar le cathaoirleach an ghrúpa, Dessie O' Brien, is í an Ard-Chúirt an chéad chéim eile agus ina dhiaidh sin, tá an baile réidh le dul chun na hEorpa le cás cearta daonna. Le tríocha bliain tá Cill Ríicill ag brath ar thuibreacha nó ar dhabhcha báistí, córas a chuireann isteach ar ghnáthshaol an bhaile.

Seán Ó Ceallaigh, Príomhoide na Scoile

Faraor níl aon uisce sa cheantar agus tá an scoil seo ag brath ar a tobar féin. *Now*, tá an t-uisce¹ sláintiúil ach níl an blas go maith agus tá orainn sa scoil seo uisce a cheannach do na páistí, mar shampla ar laethanta spóirt. Tá an ceantar ag forbairt agus tá na huimhreacha ag méadú [atá] ag freastal ar an scoil². So is trua an scéal go bhfuil an suíomh againn sna laethanta atá inniu ann.

Dúirt Dessie O' Brien go bhfuiltear ag súil go réiteofar an tseanfhadhb faoi dheireadh, roimh theacht Uisce Éireann. Maitiú Ó Coimín, Nuacht TG4

¹ *an uisce* a deirtear

² *sa scoil* a deirtear